Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**13517/1/22**
**REV 1 (bg,cs,da,fi,fr,ga,hu,it,lt,mt,nl,pl,ro,sk,sv)**

**EF 304**
**ECOFIN 1019**
**DELACT 181**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 7138 final/2 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 11.10.2022 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla rialála lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 a mhéid a bhaineann le réamhchead chun cistí dílse a laghdú agus na ceanglais a bhaineann le hionstraimí dliteanas incháilithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 7138 final/2.

---

Faoi iamh: C(2022) 7138 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.10.2022
C(2022) 7138 final/2

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.10.2022**

**lena leagtar síos caighdeáin theicniúla rialála lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 a mhéid a bhaineann le réamhchead chun cistí dílse a laghdú agus na ceanglais a bhaineann le hionstraimí dliteanas incháilithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 28(5), Airteagal 29(6), Airteagal 52(2), Airteagal 72b(7), Airteagal 76(4), Airteagal 78(5), Airteagal 78a(3) agus Airteagal 79(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('CRR') cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a thíolacadh, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, lena sonraítear gnéithe éagsúla de na critéir incháilitheachta le haghaidh ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe agus na coinníollacha maidir lena laghdú.

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear ÚBE, cinnfidh an Coimisiún laistigh de 3 mhí ón dáta a fhaightear na dréachtchaighdeáin, an dtacóidh sé leis na dréachtaí arna gcur isteach nó an ndiúltóidh sé iad. Féadfaidh an Coimisiún tacú leis na dréachtchaighdeáin go páirteach amháin freisin, nó le leasuithe orthu, i gcás ina n- éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais, ag féachaint don nós imeachta sonrach a leagtar síos sna hAirteagail sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 10(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, rinne ÚBE comhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin ar shuíomh idirlín ÚBE an 29 Bealtaine 2020, agus dúnadh an comhairliúchán an 31 Lúnasa 2020. Thairis sin, d'iarr ÚBE ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta, a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, comhairle a thabhairt ina leith. In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, thíolaic ÚBE míniúchán ar an gcaoi ar cuireadh toradh na gcomhairliúchán sin san áireamh agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chríochnaitheacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin á bhforbairt.

In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, agus i gcomhréir le hAirteagal 10(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, thíolaic ÚBE a mheasúnú tionchair, lena n- áirítear a anailís ar chostais agus ar thairbhí, a bhaineann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Tá an anailís sin ar fáil ar https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/own-funds/amended-regulatory-technical-standards-rts-own-funds-and-eligible-liabilities, leathanaigh 47-54 den Tuarascáil Chríochnaitheach maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá roinnt de na critéir incháilitheachta le haghaidh cistí dílse sonraithe a thuilleadh i bhforálacha an ghnímh tharmligthe seo. De thoradh na sainorduithe faoi seach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 ('na caighdeáin theicniúla rialála maidir le cistí dílse'). Toisc go bhfuil na critéir incháilitheachta leasaithe anois, cé nach bhfuil ann ach leasú teoranta, agus toisc go bhfuil na rialacha a bhaineann leis an gcóras réamhcheada chun cistí dílse a laghdú athraithe go suntasach, go háirithe le tabhairt isteach an nóisin maidir le 'réamhchead ginearálta' a ghabhann le Rialachán (AE)

Uimh. 575/2013, leasaíodh na caighdeáin theicniúla rialála maidir le cistí dílse mar léiriú ar na hathruithe sin.

Tá roinnt sainorduithe nua i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2019/876, freisin do ÚBE chun roinnt de na critéir le haghaidh ionstraimí dliteanas incháilithe a shonrú:

- ní mór éadáil úinéireacht na ndliteanas incháilithe a bheith gan cistiú go díreach nó go hindíreach ón eintiteas réitigh (Airteagal 72b(2), pointe (c), de CRR);
- níor cheart aon dreasacht fuascailte a bheith sna dliteanais incháilithe (Airteagal 72b(2), pointe (g), de CRR);
- ní fhéadfar dliteanais incháilithe a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc ná a athcheannach ach amháin nuair a bheidh réamhchead deonaithe ag an údarás réitigh (Airteagal 77(2) de CRR).

Maidir leis an gcóras ceada chun ionstraimí dliteanas incháilithe a laghdú, sainordaítear le hAirteagal 78a(3) de CRR do ÚBE na caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na nithe a leanas a shonrú:

- an próiseas don chomhar idir an t- údarás inniúil agus an t- údarás réitigh;
- an nós imeachta, lena n- áirítear na teorainneacha ama agus na ceanglais faisnéise, chun cead *ad- hoc* a dheonú;
- an nós imeachta, lena n- áirítear na teorainneacha ama agus na ceanglais faisnéise, maidir le réamhchead ginearálta;
- an bhrí atá le ‘inbhuanaithe d’inniúlacht ioncaim na hinstitiúide’.

I gcás roinnt de na gnéithe sin, ceanglaítear go sainráite ar ÚBE a áirithiú go mbeidh ailíniú iomlán idir dliteanais incháilithe agus cistí dílse. Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an dá chóras, comhlíonann ÚBE na sainorduithe nua trí na caighdeáin theicniúla rialála atá ann cheana maidir le cistí dílse a leasú, agus é ag síneadh anois freisin chuig dliteanais incháilithe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.10.2022**

**lena leagtar síos caighdeáin theicniúla rialála lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 a mhéid a bhaineann le réamhchead chun cistí dílse a laghdú agus na ceanglais a bhaineann le hionstraimí dliteanas incháilithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglas stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[1], agus go háirithe Airteagal 28(5), an tríú fomhír, Airteagal 29(6), an tríú fomhír, Airteagal 52(2), an tríú fomhír, Airteagal 72b(7), an ceathrú fomhír, Airteagal 76(4), an tríú fomhír, Airteagal 78(5), an tríú fomhír, Airteagal 78a(3), an ceathrú fomhír, agus Airteagal 79(2), an tríú fomhír, den Rialachán sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] lena leasaítear an téarmaíocht a úsáidtear i roinnt Airteagal i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ba cheart na leasuithe sin a léiriú i Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún Uimh. 241/2014[3], ina leagtar amach caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh ceanglais cistí dílse i gcomhair institiúidí.

(2) Le Rialachán (AE) 2019/876 tugadh isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ceanglais nua le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcomhair institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIInna) agus le haghaidh fochuideachtaí ábhartha d'institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad, chomh maith le critéir

1 IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

2 Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, le priacal creidmheasa an chontrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais cistí dílse le haghaidh institiúidí (IO L 74, 14.3.2014, lch. 8).

chomhchuibhithe le haghaidh míreanna dliteanas incháilithe agus ionstraimí chun na ceanglais sin a chomhlíonadh. Le Rialachán (AE) 2019/876 tugadh isteach Airteagal 72b(7) agus Airteagal 78a(3) freisin i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, lena gceanglaítear ar an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina sonraítear roinnt de na critéir incháilitheachta le haghaidh ionstraimí dliteanas incháilithe chomh maith leis an gcóras ceada chun na hionstraimí sin a laghdú. Na ceanglais cistí dílse i gcomhair institiúidí agus na ceanglais nua maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, tá an cuspóir céanna á saothrú acu maidir lena áirithiú go mbeidh acmhainn iniomparthachta caillteanas leordhóthanach ag na hinstitiúidí. Chuige sin, tá na caighdeáin le haghaidh ionstraimí cistí dílse agus na caighdeáin le haghaidh ionstraimí dliteanas incháilithe nasctha go dlúth le chéile, go háirithe i gcás ina gceanglaítear go sainráite le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go mbeadh na caighdeáin sin ailínithe go hiomlán. Chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a áirithiú idir na caighdeáin le haghaidh ionstraimí cistí dílse agus na caighdeáin le haghaidh ionstraimí dliteanas incháilithe, agus chun léargas cuimsitheach agus dlúthrochtain ar na caighdeáin sin a éascú do dhaoine a bheidh faoina réir, is iomchuí na caighdeáin le haghaidh ionstraimí dliteanas incháilithe a ionchorprú i Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún Uimh. 241/2014.

(3) Maidir leis na ceanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i dTreoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], comhroinntear an cuspóir céanna iontu chun a áirithiú go mbeidh acmhainn iniomparthachta caillteanas leordhóthanach ag na hinstitiúidí. Chuige sin, tugadh isteach le Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] i dTreoir 2014/59/AE Airteagal 45b(1), lenar cuireadh síneadh, le haghaidh gach eintitis réitigh, na critéir incháilitheachta le haghaidh ionstraimí dliteanas incháilithe chuig dliteanais atá incháilithe chun an t- íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI) a chomhlíonadh, cé is moite den chritéar dá dtagraítear in Airteagal 72b(2), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Maidir le heintitis réitigh ar eintitis G-SIInna iad agus fochuideachtaí ábhartha de chuid an Aontais d'institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad, tugadh Airteagal 45d isteach i dTreoir 2014/59/AE le Treoir (AE) 2019/879. Foráiltear leis an bhforáil sin ina mír 1, pointe (a), agus ina mír 2, pointe (a), arna léamh araon i gcomhar le hAirteagal 45b(1), an dara fomhír, go bhfuil incháilitheacht na ndliteanas maidir leis an íosleibhéal a cheanglaítear de MREL a chomhlíonadh ag brath ar na dliteanais sin na critéir incháilitheachta le haghaidh ionstraimí dliteanas incháilithe a chomhlíonadh. Ceanglaítear leis na critéir sin, *inter alia*, nach gcisteodh an institiúid na dliteanais go díreach nó go hindíreach, nach féidir na dliteanais a laghdú gan réamhchead ón údarás réitigh, agus nach mbeidh dreasacht sna dliteanais chun fuascailt a dhéanamh, ach amháin sna cásanna dá dtagraítear in

---

4 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n- institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

5 Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht iniomparthachta caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296).

Airteagal 72c(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Mar an gcéanna, i ndáil le heintitis nach eintitis réitigh iad, tugadh Airteagal 45f isteach i dTreoir 2014/59/AE le Treoir (AE) 2019/879. D'fhág mír 2, pointe (a)(ii) agus pointe (a)(v) den Airteagal sin go raibh incháilitheacht dliteanas faoi réir critéir incháilitheachta áirithe a chomhlíonadh i ndáil le hionstraimí dliteanas incháilithe agus faoi réir an cheanglais nach bhfuil éadáil úinéireacht na ndliteanas á cistiú go díreach ná go hindíreach ag an eintiteas atá faoi réir an Airteagail sin. Is gá, dá bhrí sin, a leagan síos maidir le forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 a bhaineann le cistiú díreach agus indíreach ionstraimí dliteanas incháilithe, foirm agus cineál na ndreasachtaí chun ionstraimí den sórt sin a fhuascailt agus le réamhchead chun iad a laghdú, gur cheart na forálacha sin a chur i bhfeidhm freisin ar bhealach comhsheasmhach chun críocha Airteagal 45b(1) agus Airteagal 45f(2), pointe (a)(ii) agus pointe (a)(v), de Threoir 2014/59/AE. Chun an comhsheasmhacht sin a áirithiú, ba cheart an téarma 'ionstraimí dliteanas incháilithe' a thuiscint freisin mar thagairt do 'dhliteanais incháilithe' dá dtagraítear in Airteagal 45b agus Airteagal 45f(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE, gan beann ar a mbeidh fágtha de théarma na ndliteanas sin, agus ba cheart feidhm a bheith ag an téarma 'institiúid' freisin maidir le haon eintiteas atá faoi réir MREL i gcomhréir le hAirteagal 45(1) den Treoir sin.

(4) Fágann Airteagal 28(1), pointe (b), Airteagal 52(1), pointe (c), agus Airteagal 63, pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go mbraitheann incháilitheacht na n- ionstraimí cistí dílse ar an gcoinníoll nach bhfuil siad á gcistiú go díreach nó go hindíreach ag an institiúid. Le Rialachán (AE) 2019/876, trí Airteagal 72b(2), pointe (c) a thabhairt isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuireadh síneadh leis an gcoinníoll sin chuig ionstraimí dliteanas incháilithe, agus an difríocht a bhí ann, i gcomhréir leis an gcaighdeán maidir leis an gCumas Iomlán Ionsúcháin Caillteanais (TLAC), nár cheart d'ionstraimí dliteanas incháilithe a bheith á gcistiú go díreach ná go hindíreach ag an eintiteas réitigh. Le hAirteagal 72b(7), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sainordaítear do ÚBE sonrú a dhéanamh, trí dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála, ar na foirmeacha agus an cineál cistiúcháin indírigh is infheidhme maidir le hionstraimí dliteanas incháilithe. De réir Airteagal 72b(7), an dara fomhír, den Rialachán sin, déanfar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a ailíniú go hiomlán leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 28(5), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arb é Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 é. Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin Tharmligthe sin freisin maidir le hionstraimí dliteanas incháilithe, dá bhrí sin.

(5) Cuireann an critéar incháilitheachta maidir le cistiú díreach agus indíreach cosc ar éadáil úinéireacht ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe arna gcistiú go díreach nó go hindíreach ag institiúid nó ag eintiteas réitigh. D'uireasa an chritéir sin, d'fhéadfadh na heintitis sin caillteanas a dhéanamh arís, rud a d'fhéadfadh an faoiseamh caillteanais a bhí na hionstraimí in ainm is a sholáthar a laghdú nó a neodrú. Is ann do phriacal maidir le lúb aischothaithe den sórt sin freisin laistigh de bhaincéireacht agus de ghrúpaí réitigh, i gcomhthéacs eisiúint agus suibscríobh ionstraimí mar shampla, atá incháilithe chun an ceanglas nua inmheánach MREL a chomhlíonadh, a leagtar síos in Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE. Na rialacha maidir le cistiú díreach agus indíreach ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe, ba cheart dóibh slabhraí cistiúcháin a choinníonn priacail ar bun laistigh de ghrúpa a ghabháil dá bhrí sin, gan beann ar cé acu a bhaineann infheisteoir seachtrach leis na slabhraí cistiúcháin sin nó nach mbaineann. Go deimhin, is gá cásanna a ghabháil de

chistiú ciorclach inghrúpa ionas nach mbeifear ag teacht timpeall ar na rialacha maidir le cistiú díreach agus indíreach ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe a d'fhéadfadh tarlú, mar shampla, nuair a sholáthraítear cistiú trí fhochuideachtaí den institiúid nó den eintiteas réitigh nó trí eintitis eile lena bhfuil idirthuilleamaíochtaí ag an institiúid nó ag an eintiteas réitigh. Níor cheart gá a bheith leis, dá bhrí sin, go soláthraíonn an institiúid sin an cistiú chun a mhaíomh mar thátal go bhfuil ionstraimí nó dliteanais chaipitil á gcistiú go díreach nó go hindíreach ag an institiúid a eisíonn ionstraimí nó dliteanais den sórt sin. Dá réir sin, d'fhéadfadh cáiliú cistiúcháin mar chistiú díreach nó indíreach a bheith indéanta freisin i gcás ina soláthraíonn eintiteas atá áirithe i raon feidhme chomhdhlúthú stuamachta nó cuntasaíochta na hinstitiúide, na scéime cosanta institiúidí nó an líonra institiúidí atá cleamhnaithe le comhlacht lárnach ar leis an institiúid é an cistiú sin, nó i raon feidhme mhaoirseacht fhorlíontach na hinstitiúide. Ba cheart feidhm a bheith aige sin gan beann ar cé acu ar le grúpa réitigh eile an t- eintiteas eile.

(6) Le Rialachán (AE) 2017/2401 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] baineadh an sainmhíniú ar 'barrachas an raoin difríochta' ó Airteagal 242 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ó tharla go n- úsáidtear an téarma sin in Airteagal 12(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 trí thagairt a dhéanamh d'Airteagal 242 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is gá Airteagal 12(3) den Rialachán Tarmligthe sin a leasú trí sainmhíniú den téarma 'barrachas an raoin difríochta' a thabhairt isteach díreach san Airteagal sin.

(7) Fágann Airteagal 52(1), pointe (g), agus Airteagal 63, pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go mbeidh incháilitheacht ionstraimí Breise Leibhéal 1 agus ionstraimí Leibhéal 2 coinníollach ar aon dreasacht a bheith in easnamh maidir lena bpríomhshuim a bheidh le fuascailt. Le Rialachán (AE) 2019/876, trí Airteagal 72b(2), pointe (g) a thabhairt isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuireadh síneadh leis an gceanglas sin chuig ionstraimí dliteanas incháilithe, agus an difríocht a bhí ann, i gcás ionstraimí dliteanas incháilithe go gceadaítear dreasachtaí le fuascailt a dhéanamh sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 72c(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ba cheart an leasú sin a léiriú i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014.

(8) I ndáil le sealúchais innéacs, tugadh Airteagal 76 isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le Rialachán (AE) 2019/876. Cuireadh síneadh leis an Airteagal sin ar raon feidhme an réamhcheada atá le deonú ag an údarás inniúil – ag ligean d'institiúid meastachán coimeádach a úsáid de risíocht fholuiteach na hinstitiúide ar ionstraimí a áirítear in innéacsanna – chuig ionstraimí dliteanas incháilithe institiúidí. Ba cheart an leasú sin a léiriú i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014. Na forálacha sa Rialachán sin maidir le meastacháin a úsáidtear mar rogha mhalartach ar ríomh na risíochtaí foluiteacha ar ionstraimí cistí dílse a áirítear in innéacsanna a bheith 'sách coimeádach' agus an bhrí atá le 'ródhian ó thaobh na hoibre de', ba cheart iad a leasú dá réir sin chun feidhm a bheith acu freisin maidir le hionstraimí dliteanas incháilithe.

(9) Chuir Rialachán (AE) 2019/876 Airteagal 78(1), an dara fomhír, isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla réamhchead ginearálta a dheonú d'institiúidí chun cistí dílse a laghdú de mhéid réamhchinntithe

[6] Rialachán (AE) 2017/2401 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 347, 28.12.2017, lch. 1).

agus ar feadh tréimhse ama teoranta. Is gá dá bhrí sin réamhchoinníollacha agus teorainneacha is infheidhme maidir le réamhchead chun críocha déanamh margaíochta a bhaint as Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014, toisc go bhfuil na réamhchoinníollacha agus na teorainneacha sin leabaithe anois sa chóras réamhcheada ginearálta a leagtar síos in Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(10) Na córais réamhcheada chun cistí dílse a laghdú, atá leagtha síos in Airteagal 78 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus chun ionstraimí dliteanas incháilithe a laghdú, a leagtar síos in Airteagal 78a den Rialachán sin, is é is aidhm dóibh araon comhlíontacht a áirithiú le ceanglais rialála a bhaineann le cistí dílse agus cistí dílse agus dliteanais incháilithe, agus tá roinnt gnéithe comhchosúla ag baint leo. Is gá caighdeánú a dhéanamh ar na próisis a leanann údaráis inniúla agus údaráis réitigh maidir leis an réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78(1), an dara fomhír, agus in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 araon, agus aon chead eile dá dtagraítear sna hAirteagail sin dá bhrí sin. Ina theannta sin, chun a áirithiú go gcuirtear sonraíochtaí aon réamhcheada san áireamh, agus chun a áirithiú go n- úsáidtear na ceadanna sin go hiomchuí dá gcríocha sonracha, is gá a leagan síos gur cheart a cheangal ar údaráis inniúla agus ar údaráis réitigh an tréimhse dá ndeonaítear réamhchead seachas réamhchead ginearálta a shonrú, agus gur cheart uasteorainn a bhunú maidir leis an tréimhse shonraithe sin.

(11) Ceanglaítear le hAirteagal 78(1), an dara fomhír, agus le hAirteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go ndéanfaí an réamhchead ginearálta maidir le laghdú ar ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe a dheonú ar feadh tréimhse sonraithe nach rachaidh thar 1 bhliain amháin. Iarratas ar athnuachan réamhchead ginearálta nach ndeachaigh in éag go fóill, níor cheart an leibhéal céanna grinnscrúdúcháin nó idirghníomhaíochta a cheangal leis idir údaráis is a cheanglaítear maidir leis an iarratas ar an gcead bunaidh, mura iarr an institiúid méadú ar an méid réamhchinntithe a leagadh síos nuair a deonaíodh an cead bunaidh agus nár athraíodh é leis an réasúnaíocht a soláthraíodh nuair a iarradh an cead bunaidh. Dá dhroim sin, sna imthosca sonracha sin, ba cheart ábhar an iarratais a bheidh le tíolacadh ag institiúidí agus an t- uainiú maidir le tíolacadh an iarratais sin a laghdú.

(12) Ceanglaítear le hAirteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar institiúidí réamhchead an údaráis réitigh a fháil chun ceannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach ionstraimí dliteanas incháilithe a chur i gcrích. De réir Airteagal 78a(1) den Rialachán sin, ní fhéadfar an cead a dheonú ach amháin i gcás inar comhlíonadh roinnt coinníollacha, lena n- áirítear an coinníoll go ndéanann an institiúid na hionstraimí dliteanas incháilithe a ionadú le cistí dílse nó le hionstraimí dliteanas incháilithe atá ar an gcáilíocht chéanna nó ar cháilíocht níos airde faoi théarmaí atá inbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide. Ceanglaítear le hAirteagal 78a(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go mbeidh na caighdeáin maidir leis an mbrí atá le 'inbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide' i gcomhthéacs ionstraimí dliteanas incháilithe ailínithe go hiomlán lena choibhéis maidir le cistí dílse. Is gá, dá bhrí sin, a shonrú go n- úsáidfear an bhrí chéanna maidir le 'inbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide' le haghaidh an dá chineál ionstraime.

(13) Is gá na córais réamhcheada ghinearálta le haghaidh ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe a ailíniú chun a áirithiú go gcuirtear na córais sin i bhfeidhm go comhleanúnach ar fud an Aontais. Ba cheart an méid réamhchinntithe a bheidh le

socrú ag údaráis réitigh le linn dóibh an réamhchead ginearálta a dheonú chun ionstraimí dliteanas incháilithe a laghdú a bheith faoi réir teorainneacha, dá bhrí sin, gan cosc a chur ar údaráis réitigh méideanna réamhchinntithe níos ísle a shocrú le haghaidh institiúid ar leith i gcás ina bhfuil údar leis sin mar gheall ar imthosca sonracha an cháis. Is gá freisin cosc a chur ar institiúidí feidhmiú ar leibhéal ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe a dteipfeadh orthu a léiriú nach mbeadh cuid de na hionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe ar fáil chun caillteanais a sheasamh nuair ba ghá. I gcás réamhchead ginearálta, ba cheart an méid réamhchinntithe dá bhfuil a chead tugtha ag an údarás lena mbaineann a asbhaint ón bpointe a dheonaítear an t- údarú dá bhrí sin.

(14) Is gá láimhseáil chomhréireach a áirithiú le haghaidh institiúidí a bhforáiltear lena bpleananna réitigh go bhfuil siad le foirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta agus dá bhfuil an t- íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE socraithe ag an údarás réitigh ar leibhéal nach mó ná méid leordhóthanach chun caillteanais a sheasamh. Ba cheart do na hinstitiúidí sin a bheith in ann cead a iarraidh dá bhrí sin, lena n- áirítear réamhchead ginearálta, chun ionstraimí dliteanas incháilithe a laghdú bunaithe ar chóras iarratais níos simplí. Ba cheart le córas den sórt sin ceanglais laghdaithe maidir le faisnéis a chuimsiú agus, chun an t- ualach riaracháin a laghdú tuilleadh ar na hinstitiúidí sin agus ar údaráis réitigh, ba cheart a mheas go bhfuil an réamhchead deonaithe in éagmais freagra ón údarás réitigh. Ag glacadh leis nach gá do na hinstitiúidí sin ionstraimí dliteanas incháilithe a eisiúint chun an t- íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh, níor cheart do mhéid réamhchinntithe na n- ionstraimí dliteanas incháilithe atá le laghdú a bheith faoi réir na dteorainneacha céanna is atá i gceist le haghaidh institiúidí eile.

(15) Ordaítear le hAirteagal 78a(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 do ÚBE caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an nós imeachta a shonrú maidir le cead a dheonú chun ionstraimí dliteanas incháilithe a laghdú, agus an próiseas don chomhar idir an t- údarás inniúil agus an t- údarás réitigh a shonrú. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus Treoir 2014/59/AE, ba cheart a áireamh sa phróiseas don chomhar idir an t- údarás inniúil agus an t- údarás réitigh comhairliúchán leis an údarás inniúil maidir leis an iarratas ar réamhchead arna fháil ag an údarás réitigh. Ba cheart an comhairliúchán sin a dhéanamh ar bhealach lena gcuirtear ar a chumas don údarás inniúil léargas eolasach a thabhairt maidir leis an gcomhairliúchán, lena n- áirítear i gcás ina gceanglaítear a chomhaontú chun an corrlach faoi nach mór do chistí dílse agus do dhliteanais incháilithe na hinstitiúide a ceanglais a shárú, le malartú faisnéise leordhóthanach agus dóthain ama chun freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán.

(16) Roimh theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/876, foráladh le hAirteagal 79(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go bhféadfaidh údarás inniúil na forálacha maidir le

7 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n- aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

hasbhaintí d'ionstraimí cistí dílse a tharscaoileadh go sealadach i gcás inar shealbhaigh institiúid na hionstraimí sin in eintiteas earnála airgeadais chun críocha oibríochta um chúnamh airgeadais arna cheapadh chun an t- eintiteas sin a atheagrú agus a thabhairt slán. Le Rialachán (AE) 2019/876, trí Airteagal 79(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú, cuireadh síneadh le raon feidhme an tarscaoilte shealadaigh a fhéadfaidh údaráis inniúla a dheonú do shealúchais institiúidí d'ionstraimí dliteanas incháilithe in institiúid. Dá thoradh sin, ba cheart forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 maidir leis an tarscaoileadh sealadach sin a leasú chun go mbeidh feidhm aige freisin maidir le sealúchais institiúidí d'ionstraimí dliteanas incháilithe in institiúidí.

(17) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 a leasú dá réir sin.

(18) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ÚBE a bhunaítear an Rialachán seo.

(19) Rinne ÚBE comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

(20) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, d'fhormhuinigh an Coimisiún, le leasuithe, na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur isteach ag ÚBE ina mínítear na cúiseanna atá leis na leasuithe. Sholáthair ÚBE tuairim fhoirmiúil, ag glacadh leis na leasuithe beartaithe cé is moite díobh siúd a bhaineann le toirmeasc sainráite ar chistiú inghrúpa indíreach a thabhairt isteach agus ar shásra comhaontaithe intuigthe a thabhairt isteach maidir leis an réamhchead ginearálta chun go laghdóidh eintitis dliteanais incháilithe nach mó a MREL agus na ceanglais cistí dílse.

(21) Tar éis measúnú cúramach a dhéanamh ar na hargóintí a sholáthair ÚBE mar bhonn taca faoina agóid maidir le foráil a thabhairt isteach ar chistiú inghrúpa i dtéarmaí achtúcháin na gcaighdeán teicniúil, tá an Coimisiún fós den tuairim gur cheart don toirmeasc ar chistiú indíreach gach slabhra cistiúcháin ábhartha a ghabháil go sainráite, gan beann ar cé acu atá infheisteoir seachtrach i gceist leo nó nach bhfuil.

(22) Aithníonn an Coimisiún go hiomlán an tábhacht atá le láimhseáil chomhréireach a áirithiú ar eintitis nach mó a MREL ná na ceanglais cistí dílse. Mar sin féin, gné bhunúsach den chóras réamhcheada is ea iarratas a thíolacadh ina n- iarrtar réamhchead chun a gcuid dliteanais incháilithe a laghdú mar a leagtar amach in Airteagal 78a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ní féidir é a tharscaoileadh dá bhrí sin. Mar sin féin, chun ualach riaracháin na n- eintiteas sin agus a n- údaráis réitigh a laghdú go dtí a oiread agus is féidir, ba cheart ligean don údarás sin iarratas

[8] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

simplithe a chur isteach chun réamhchead a iarraidh agus ba cheart ligean dó cead den sórt sin a dheonú ar bhonn comhaontú intuigthe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014**

(1) Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 mar a leanas:

**'Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i leith ceanglais cistí dílse agus dliteanas incháilithe le haghaidh institiúidí';**

(2) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) na foirmeacha agus an cineál cistiúcháin indírigh is infheidhme maidir le hionstraimí cistí dílse, i gcomhréir le hAirteagal 28(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(7), pointe (a), den Rialachán sin;';

(b) cuirtear pointe (ha) a leanas isteach:

'(ha) foirm agus cineál na ndreasachtaí fuascailte chun críocha an choinníll a leagtar amach in Airteagal 72b(2), an chéad fhomhír, pointe (g), agus Airteagal 72c(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcomhréir le hAirteagal 72b(7), pointe (b), den Rialachán sin;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) a mhéid coimeádachais a cheanglaítear i meastacháin a úsáidtear mar mhalairt ar ríomh na risíochtaí foluiteacha le haghaidh sealúchais indíreacha a eascraíonn as sealúchais innéacs agus an bhrí atá le ródhian ó thaobh na hoibre de don institiúid chun faireachán a dhéanamh ar na risíochtaí foluiteacha sin, i gcomhréir le hAirteagal 76(4), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;';

(d) cuirtear isteach pointe (ja) mar a leanas:

'(ja) an nós imeachta, lena n- áirítear na teorainneacha agus na ceanglais maidir le faisnéis, chun an cead maidir le hionstraimí dliteanas incháilithe a laghdú, agus an próiseas don chomhar idir an t- údarás inniúil agus an t- údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 78a(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

‘(k) na coinníollacha le haghaidh tarscaoileadh sealadach le haghaidh asbhaint as cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá le soláthar, i gcomhréir le hAirteagal 79(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;’;

(3) i gCaibidil I, cuirtear Airteagal 1a seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 1a*

**Cur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le heintitis atá faoi réir an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe, agus na ndliteanas incháilithe dá dtagraítear i dTreoir 2014/59/AE**

Chun críocha chur i bhfeidhm Airteagail 8, 9 agus 20, agus Caibidil IV, Roinn 2, den Rialachán seo, eintitis atá faoi réir an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE, measfar gur ‘institiúidí’ iad, agus ‘dliteanais incháilithe’ dá dtagraítear in Airteagal 45b agus Airteagal 45f(2), pointe (a), den Treoir sin, measfar gur ‘ionstraimí dliteanas incháilithe’ iad.’

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil II:

# ‘CAIBIDIL II

# GNÉITHE DE CHISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE’;

(5) i gCaibidil II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Roinn 1:

**‘ROINN 1**

**CAIPITEAL GNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1 AGUS MÍREANNA AGUS IONSTRAIMÍ DLITEANAS INCHÁILITHE;**

(6) in Airteagal 4(2), cuirtear pointe (ka) seo a leanas isteach:

‘(ka) sa Liotuáin: institiúidí atá cláraithe mar ‘Centrinė kredito unija’ faoi ‘Centrinių kredito unijų įstatymas’;’

(7) in Airteagal 4(2), cuirtear an méid seo a leanas ina ionad phointe (r):

‘(r) sa tSualainn: institiúidí atá cláraithe mar ‘Medlemsbank’ nó mar ‘Kreditmarknadsförening’ faoi Lag (2004:297) om bank- och finansieringsrörelse’;

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 8 agus 9:

*‘Airteagal 8*

**Cistiú indíreach ar ionstraimí caipitil chun críocha Airteagal 28(1), pointe (b), Airteagal 52(1), pointe (c), agus Airteagal 63, pointe (c), agus ar**

**dhliteanais chun críche Airteagal 72b(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Cistiú indíreach ionstraimí caipitil faoi Airteagal 28(1), pointe (b), Airteagal 52(1), pointe (c) agus Airteagal 63, pointe (c), agus dliteanais faoi Airteagal 72b(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, measfar nach cistiú díreach é.

2. Chun críocha mhír 1, tagróidh cistiú díreach do chásanna inar dheonaigh institiúid iasacht nó cistiú eile i bhfoirm ar bith d'infheisteoir a úsáidtear le haghaidh éadáil úinéireachta ar ionstraimí nó ar dhliteanais chaipitil institiúide.

3. Áireofar le cistiú díreach freisin cistiú arna dheonú chun críocha eile seachas úinéireacht a fháil ar ionstraimí nó ar dhliteanais chaipitil institiúide, d'aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach ag a bhfuil sealúchas cáilitheach san institiúid, dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (36), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó a mheastar a bheith ina pháirtí gaolmhar de réir bhrí na sainmhínithe i mír 9 de Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 24 maidir le Faisnéis a Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara arna chur i bhfeidhm san Aontas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*1], ag cur san áireamh aon treoraíocht bhreise arna soláthar ag an údarás inniúil le haghaidh ionstraimí caipitil, nó ag an údarás réitigh i gcomhairle leis an údarás inniúil le haghaidh dliteanas, mura bhfuil an institiúid in ann gach ceann díobh seo a leanas a thaispeáint:

   (a) go réadaítear an t- idirbheart ag coinníollacha comhchosúla le hidirbhearta eile le tríú páirtithe;

   (b) ní gá don duine nádúrtha nó duine dlítheanach nó don pháirtí gaolmhar a bheith ag brath ar na dáileacháin nó ar dhíol na n- ionstraimí caipitil nó na ndliteanas caipitil arna sealbhú chun tacú le híoc an úis agus le haisíoc an chistiúcháin.

[*1] Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1).

*Airteagal 9*

**Foirmeacha is infheidhme agus cineál an chistiúcháin indírigh ar ionstraimí caipitil chun críocha Airteagal 28(1), pointe (b), Airteagal 52(1), pointe (c), agus Airteagal 63, pointe (c), agus ar dhliteanais chun críche Airteagal 72b(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Áireofar iad seo a leanas uile le foirmeacha agus cineál an chistiúcháin indírigh is infheidhme maidir le héadáil úinéireacht ionstraimí agus dliteanais chaipitil institiúide:

   (a) cistiú éadáil úinéireachta infheisteora, tráth na heisiúna nó ina dhiaidh sin, ar ionstraimí nó dliteanais chaipitil institiúide ag aon eintiteas atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag an institiúid nó ag eintitis a áirítear in aon cheann díobh seo a leanas:

(i) raon feidhme chuntasaíocht nó chomhdhlúthú stuamachta na hinstitiúide;

(ii) raon feidhme chlár comhardaithe comhdhlúite nó ríomh comhiomlán leathnaithe, i gcás inar coibhéiseach iad leis na cuntais chomhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 49(3), pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna tharraingt suas leis an scéim cosanta institiúideach nó ag an líonra institiúidí atá cleamhnaithe le comhlacht lárnach nach bhfuil eagraithe mar ghrúpa a bhfuil an institiúid mar chuid de;

(iii) raon feidhme mhaoirseacht fhorlíontach na hinstitiúide i gcomhréir le Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*2;]

(b) cistiú éadáil úinéireachta infheisteora, tráth na heisiúna nó ina dhiaidh sin, ar ionstraimí nó dliteanais chaipitil institiúide ag eintitis sheachtracha atá á gcosaint ag ráthaíocht nó ag úsáid díorthaigh chreidmheasa nó atá urraithe ar bhealach éigin eile ionas go n- aistrítear an priacal creidmheasa chuig an institiúid, nó chuig aon eintiteas ar a bhfuil rialú díreach nó indíreach ag an institiúid nó ag aon eintiteas atá áirithe in aon cheann díobh seo a leanas:

(i) raon feidhme chuntasaíocht nó chomhdhlúthú stuamachta na hinstitiúide;

(ii) raon feidhme chlár comhardaithe comhdhlúite nó ríomh comhiomlán leathnaithe, i gcás inar coibhéiseach iad leis na cuntais chomhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 49(3), pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna tharraingt suas leis an scéim cosanta institiúideach nó ag an líonra institiúidí atá cleamhnaithe le comhlacht lárnach nach bhfuil eagraithe mar ghrúpa a bhfuil an institiúid mar chuid de;

(iii) raon feidhme mhaoirseacht fhorlíontach na hinstitiúide i gcomhréir le Treoir 2002/87/CE.

(c) cistiú iasachtaí a chuireann an cistiú ar aghaidh chuig an infheisteoir deiridh le haghaidh éadáil úinéireacht, tráth na heisiúna nó ina dhiaidh sin, ionstraimí caipitil nó dliteanais chaipitil institiúide.

2. Chun go mbeifear measta mar chistiú indíreach chun críocha mhír 1, comhlíonfar na coinníollacha a leanas freisin, i gcás inarb infheidhme:

(a) ní áirítear an t- infheisteoir in aon cheann díobh seo a leanas:

(i) raon feidhme chuntasaíocht nó chomhdhlúthú stuamachta na hinstitiúide;

(ii) raon feidhme chlár comhardaithe comhdhlúite nó ríomh comhiomlán leathnaithe, i gcás inar coibhéiseach iad leis na cuntais chomhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 49(3), pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna tharraingt suas leis an scéim cosanta institiúideach nó ag an líonra institiúidí atá cleamhnaithe le comhlacht lárnach nach bhfuil eagraithe mar ghrúpa a bhfuil an institiúid mar chuid de;

(iii) raon feidhme mhaoirseacht fhorlíontach na hinstitiúide i gcomhréir le Treoir 2002/87/CE;

(b) ní áirítear an t- eintiteas seachtrach in aon cheann díobh seo a leanas:

(i) raon feidhme chuntasaíocht nó chomhdhlúthú stuamachta na hinstitiúide;

(ii) raon feidhme chlár comhardaithe comhdhlúite nó ríomh comhiomlán leathnaithe, i gcás inar coibhéiseach iad leis na cuntais chomhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 49(3), pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna tharraingt suas leis an scéim cosanta institiúideach nó ag an líonra institiúidí atá cleamhnaithe le comhlacht lárnach nach bhfuil eagraithe mar ghrúpa a bhfuil an institiúid mar chuid de;

(iii) raon feidhme mhaoirseacht fhorlíontach na hinstitiúide i gcomhréir le Treoir 2002/87/CE.

Chun críocha phointe (a)(ii), measfar go mbeidh infheisteoir áirithe i raon feidhme an ríomha chomhiomláin leathnaithe i gcás ina bhfuil an ionstraim chaipitil nó an dliteanas caipitil ábhartha faoi réir comhdhlúthú nó ríomh comhiomlán leathnaithe i gcomhréir le hAirteagal 49(3), pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhealach a fhágann go ndíothaítear ilúsáid cistí dílse nó míreanna dliteanas incháilithe agus aon chruthú cistí dílse nó dliteanas incháilithe idir comhaltaí na scéime cosanta institiúidí. I gcás nár deonaíodh an cead ó údaráis inniúla, dá dtagraítear in Airteagal 49(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, measfar go mbeidh an coinníoll sin comhlíonta i gcás inar comhaltaí den scéim cosanta institiúideach chéanna iad an institiúid agus an dá eintiteas dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), agus asbhaineann na heintitis an cistiú a soláthraíodh le haghaidh éadáil úinéireacht ionstraimí nó dliteanais chaipitil na hinstitiúide, i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointí (f) go (i), Airteagal 56, pointí (a) go (d), agus Airteagal 66, pointí (a) go (d), le haghaidh ionstraimí caipitil, agus i gcomhréir le hAirteagal 72e, pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, le haghaidh dliteanas, de réir mar is infheidhme.

2a. Áireofar cistiú ciorclach inghrúpa sna foirmeacha agus sa chineál cistiúcháin indírigh is infheidhme d'éadáil úinéireacht ionstraimí caipitil agus dliteanais chaipitil institiúide.

Chun na gcríoch sin, ciallaíonn cistiú ciorclach inghrúpa aon cheann díobh seo a leanas:

(a) cásanna inar dheonaigh institiúid iasacht nó cistiú eile in aon fhoirm do cheann de na heintitis dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), trí eintiteas eile dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a úsáidtear chun úinéireacht a fháil ar ionstraimí caipitil nó ar dhliteanais institiúide;

(b) cistiú arna dheonú do cheann de na heintitis dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), le haghaidh críocha eile seachas úinéireacht a fháil ar na hionstraimí caipitil nó ar dhliteanais institiúide trí eintiteas eile dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), ar choinníoll, agus aon treoraíocht bhreise á cur san áireamh arna soláthar ag an údarás inniúil le haghaidh ionstraimí caipitil, nó ag an údarás réitigh i gcomhairle leis an údarás inniúil le haghaidh dliteanas, nach bhfuil an institiúid in ann gach ceann díobh seo a leanas a thaispeáint:

(i) go réadaítear an t- idirbheart ag coinníollacha comhchosúla le hidirbhearta eile le tríú páirtithe;

(ii) ní gá don infheisteoir a bheith ag brath ar dháileacháin nó ar dhíol na n- ionstraimí caipitil nó na ndliteanas arna sealbhú chun tacú le híocaíocht úis agus le haisíoc an chistiúcháin.

3. Nuair a shuitear cé acu atá cistiú díreach nó indíreach dá dtagraítear in Airteagal 8 i gceist le héadáil úinéireacht ionstraime caipitil nó dliteanais, beidh an méid a bheidh le meas glan ar aon lamháltas lagaithe arna dhéanamh a ndéanfar measúnú air go haonarach.

4. Chun cáiliú mar chistiú díreach nó indíreach dá dtagraítear in Airteagal 8 a sheachaint agus i gcás ina ndéantar an iasacht nó foirm eile cistiúcháin nó ráthaíochtaí a dheonú d'aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach ag a bhfuil sealúchas cáilitheach san institiúid nó a meastar gur páirtí gaolmhar é dá dtagraítear in Airteagal 8(3), áiritheoidh an institiúid ar bhonn leanúnach nár sholáthair sí an iasacht nó foirm eile cistiúcháin nó ráthaíochtaí chun úinéireacht a fháil go díreach nó go hindíreach ar ionstraimí caipitil nó dliteanais na hinstitiúide sin. I gcás ina ndeonaítear an iasacht nó an fhoirm eile cistiúcháin nó ráthaíochtaí do chineálacha eile páirtí, déanfaidh an institiúid an rialú sin ar bhonn na hiarrachta is fearr.

5. Maidir le cumainn fhrithpháirteacha, comharchumainn agus institiúidí comhchosúla, i gcás ina bhfuil oibleagáid faoin dlí náisiúnta nó reachtanna na hinstitiúide ar chustaiméir ionstraimí caipitil a liostáil chun iasacht a fháil, ní bhreithneofar gur cistiú díreach nó indíreach an iasacht sin i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) breithníonn an t- údarás inniúil go bhfuil méid na liostála neamhábhartha;

(b) ní hé aidhm na hiasachta úinéireacht a fháil ar ionstraimí caipitil ná ar dhliteanais na hinstitiúide a sholáthróidh an iasacht;

(c) is gá ionstraim chaipitil amháin nó níos mó de chuid na hinstitiúide a liostáil ionas go mbeidh tairbhí na hiasachta ina chomhalta den chumann frithpháirteach, den chomharchumann nó den institiúid chomhchosúil.

*2 Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, gnóthas árachais agus gnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais (IO L 35, 11.2.2003, lch. 1).';

(9) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. An gnóthachan aitheanta ar dhíolachán atá bainteach leis an ioncam éarlaise todhchaí, tagróidh sé, sa chomhthéacs seo, do 'bharrachas an raoin difríochta' a bhfuil coinne leis sa todhchaí arna shainmhíniú mar na bailiúcháin den mhuirear airgid agus ioncam eile ó tháillí arna bhfáil i leith na risíochtaí urrúsaithe glan ar chostais agus ar speansais.';

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil III:

# ‘CAIBIDIL III

# CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1 AGUS LEIBHÉAL 2 AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE’

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

*‘Airteagal 20*

**Foirm agus cineál na ndreasachtaí fuascailte chun críocha Airteagal 52(1), pointe (g), Airteagal 63, pointe (h), Airteagal 72b(2), pointe (g), agus Airteagal 72c(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Ciallóidh dreasachtaí fuascailte na gnéithe uile lena soláthraítear, ar dháta na heisiúna, ionchas gur dóigh go ndéanfar an ionstraim chaipitil nó an dliteanas a fhuascailt.

2. Áireofar na foirmeacha seo a leanas leis na dreasachtaí dá dtagraítear i mír 1:

(a) céadrogha ar cheannach i gcomhar le méadú ar raon difríochta creidmheasa na hionstraime nó an dliteanais mura bhfeidhmítear an ceannach;

(b) céadrogha ar cheannach i gcomhar le ceanglas nó le rogha infheisteora an ionstraim nó an dliteanas a chomhshó go hionstraim Ghnáthchothromais Leibhéal 1 i gcás nach bhfeidhmítear an ceannach;

(c) céadrogha ar cheannach i gcomhar le hathrú ar an ráta tagartha i gcás inar mó an raon difríochta creidmheasa thar an dara ráta tagartha ná an ráta íocaíochta tosaigh lúide an ráta babhtála;

(d) céadrogha ar cheannach i gcomhar le méadú ar an méid fuascailte sa todhchaí;

(e) rogha athmhargaíochta i gcomhar le méadú ar raon difríochta creidmheasa na hionstraime nó an dliteanais nó athrú ar ráta tagartha i gcás inar mó an raon difríochta creidmheasa thar an dara ráta tagartha ná an ráta íocaíochta tosaigh lúide an ráta babhtála i gcás nach ndéantar athmhargaíocht ar an ionstraim nó ar an dliteanas;

(f) margú na hionstraime nó an dliteanais ar bhealach a thugann le fios d’infheisteoirí go ndéanfar an ionstraim a ghlaoch.’;

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

*‘Airteagal 25*

**Méid an choimeádachais a cheanglaítear i meastacháin chun risíochtaí arna n- úsáid mar rogha mhalartach ar na risíochtaí foluiteacha chun críocha Airteagal 76(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a ríomh**

1. Beidh meastachán sách coimeádach i gcás ina gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás ina sonraítear i sainordú infheistíochta an innéacs nach féidir le hionstraim cistí dílse d'eintiteas earnála airgeadais nó ionstraim dliteanas incháilithe d'institiúid atá mar chuid den innéacs, céatadán uasta den innéacs a shárú, úsáidfidh an institiúid an céatadán sin mar mheastachán le haghaidh luach na sealúchas a asbhaintear as a Ghnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal 1 breise, nó as míreanna Leibhéal 2, mar is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 17(2) nó as míreanna Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcásanna nach féidir leis an institiúid cineál beacht an tsealúchais a chinneadh, nó, i gcás institiúide atá faoi réir cheanglais Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a míreanna dliteanas incháilithe;

(b) i gcás nach bhfuil an institiúid in ann an céatadán uasta dá dtagraítear i bpointe (a) a chinneadh agus i gcás ina n- áirítear leis an innéacs, arna fhianú ag a shainordú infheistíochta nó ag faisnéis ábhartha eile, ionstraimí cistí dílse d'eintitis earnála airgeadais nó ionstraimí dliteanas incháilithe d'institiúidí, asbhaineann an institiúid méid iomlán de na sealúchais innéacs óna Gnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal 1 breise, nó míreanna Leibhéal 2, mar is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 17(2) nó míreanna Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcásanna nach féidir leis an institiúid cineál beacht an tsealúchais a chinneadh nó, i gcás institiúide atá faoi réir cheanglais Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a míreanna dliteanas incháilithe.

2. Chun críocha mhír 1, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) cuimsítear le sealúchas indíreach a eascraíonn as sealúchas innéacs an chomhpháirt den innéacs a infheistíodh i nGnáthchothromas Leibhéal 1, ionstraimí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 breise de chuid eintitis na hearnála airgeadais agus in ionstraimí dliteanas incháilithe institiúidí atá áirithe san innéacs;

(b) áirítear le hinnéacs cistí innéacs, innéacsanna cothromais nó bannaí nó aon scéim eile i gcás inar ionstraim cistí dílse í an ionstraim fholuiteach arna heisiúint ag eintiteas earnála airgeadais nó ionstraim dliteanas incháilithe arna heisiúint ag institiúid.';

(13) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun críoch Airteagal 76(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ciallóidh ródhian ó thaobh na hoibre de cásanna faoina bhfuil cuir chuige na trédhearcachta maidir le sealúchais ionstraimí caipitil in eintitis na hearnála airgeadais nó maidir le hionstraimí dliteanas incháilithe in institiúidí ar bhonn leanúnach gan údar, arna mheasúnú ag na húdaráis inniúla. Ina measúnú ar chineál na gcásanna a bhí ródhian ó thaobh na hoibre de, cuirfidh údaráis inniúla san áireamh an ábharthacht íseal agus tréimhse shealbhaíochta ghearr cásanna den sórt sin. Le tréimhse shealbhaíochta d'fhad gearr caithfidh an institiúid leachtacht láidir an innéacs a fheiceáil.';

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 2:

## ‘ROINN 2
## CEAD MAIDIR LE CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE A LAGHDÚ

### FOROINN 1
### CEAD MAOIRSEACHTA CHUN CISTÍ DÍLSE A LAGHDÚ

*Airteagal 27*

**An bhrí atá le hinbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide chun críocha Airteagal 78(1), pointe (a), agus Airteagal 78(4), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

Ciallóidh inbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide faoi Airteagal 78(1), pointe (a), agus faoi Airteagal 78(4), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go leanann brabúsacht na hinstitiúide, arna measúnú ag an údarás inniúil, a bheith fónta nó nach bhfeictear aon athrú diúltach leis tar éis ionadú na n- ionstraimí nó na gcuntas scairbhiseach gaolmhar dá dtagraítear in Airteagal 77(1) den Rialachán sin le hionstraimí cistí dílse a mbeidh an cháilíocht chéanna nó cáilíocht níos airde iontu, ar an dáta sin agus go ceann i bhfad. Cuirfear cumas tuillimh na hinstitiúide i gcásanna struis san áireamh i measúnú an údaráis inniúil.

*Airteagal 28*

**Ceanglais an phróisis lena n- áirítear na teorainneacha agus na nósanna imeachta le haghaidh iarratas a dhéanann institiúid chun cistí dílse a laghdú de bhun Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Ní fhógrófar fuascailt, laghdú agus athcheannach ionstraimí cistí dílse do shealbhóirí na n- ionstraimí sula bhfaighidh an institiúid réamhchead ón údarás inniúil.

2. I gcás ina mbeidh coinne leis go dtarlóidh na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le cinnteacht leordhóthanach, agus a luaithe is a bheidh réamhchead an údaráis inniúil faighte, asbhainfidh an institiúid na méideanna comhfhreagracha d’ionstraimí cistí dílse a bheidh le fuascailt, le laghdú nó le hathcheannach nó na méideanna de na cuntais scairbhiseacha gaolmhara a bheidh le laghdú nó le dáileadh, de réir mar is infheidhme, ó ghnéithe comhfhreagracha dá chistí dílse sula dtarlaíonn na fuascailtí, na laghduithe, na hathcheannacháin nó na dáileacháin éifeachtacha. Measfar gurb ann do chinnteacht leordhóthanach go háirithe i gcás inar fhógair an institiúid go poiblí go bhfuil rún aici ionstraim chistí dílse a fhuascailt, a laghdú nó a athcheannach.

3. I gcás réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfar an méid réamhchinntithe dá bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil a asbhaint ó ghnéithe comhfhreagracha de chistí dílse na hinstitiúide ón bpointe a dheonaítear an t- údarú.

4. Le linn dóibh iarratas a dhéanamh ar réamhchead, lena n- áirítear réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, maidir le gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(1) den Rialachán sin, agus i gcás ina gceannaítear na hionstraimí cistí dílse gaolmhara chun iad a chur ar aghaidh chuig fostaithe na hinstitiúide mar chuid dá luach saothair, cuirfidh institiúidí a gcuid údaráis inniúla ar an eolas go bhfuil na hionstraimí sin ceannaithe don chríoch sonrach sin. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, asbhainfear na hionstraimí sin ó ghnéithe comhfhreagracha de chistí dílse na hinstitiúide, fad is atá siad á sealbhú ag an institiúid. Ní éileofar laghdú níos mó i gcás ina mbeidh na speansais a bhaineann le haon ghníomhaíocht i gcomhréir leis an mír seo áirithe i gcistí dílse cheana féin de thoradh eatraimh nó tuarascáil airgeadais deireadh bliana.

5. Deonóidh an t- údarás inniúil réamhchead, seachas an réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, go ceann tréimhse sonraithe, ar gá é chun aon cheann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(1) den Rialachán sin, nach mbeidh níos mó ná 1 bhliain amháin.

6. Beidh feidhm ag míreanna 1 go dtí 5 ar leibhéil chomhdhlúite, fho- chomhdhlúite agus aonair iarratais maidir le ceanglais stuamachta, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 29*

**Iarratas arna thíolacadh ag an institiúid chun cistí dílse a laghdú de bhun Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Cuirfidh institiúid iarratas ar réamhchead isteach, lena n- áirítear an réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, chuig an údarás inniúil sula ndéanfaidh sí aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 77(1) den Rialachán sin.

2. Beidh feidhm ag mír 1 ar leibhéil chomhdhlúite, fho- chomhdhlúite agus aonair den iarratas ar cheanglais stuamachta, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 30*

**Ábhar an iarratais a bheidh le cur isteach ag an institiúid chun críocha Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Beidh na nithe uile seo a leanas ag gabháil leis an iarratas dá dtagraítear in Airteagal 29:

   (a) míniú a bhfuil bunús maith leis ar an réasúnaíocht atá le haon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a dhéanamh;

   (b) faisnéis faoi cé acu atá nó nach bhfuil an cead a lorgaítear bunaithe ar Airteagal 78(1), an chéad fhomhír, pointe (a) nó (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó ar Airteagal 78(1), an dara fomhír, den Rialachán sin;

   (c) i gcás ina bhféachann an institiúid le hionstraimí Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 breise nó cuntais scairbhisigh ghaolmhara a cheannach, a fhuascailt nó a

athcheannach le linn na 5 bliana tar éis dáta a n- eisiúna de bhun Airteagal 78(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, an chaoi a chomhlíontar coinníollacha an Airteagail sin;

(d) faisnéis reatha agus réamhbhreathnaitheach a chumhdóidh tréimhse 3 bliana ar a laghad maidir leis na méideanna agus na céatadáin a chomhfhreagraíonn do na ceanglais seo a leanas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe:

(i) ceanglas chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 atá leagtha síos in Airteagal 92(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ceanglas chaipiteal Leibhéal 1 a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (b), den Rialachán sin, agus an ceanglas cistí dílse a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (c), den Rialachán sin;

(ii) chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí seachas riosca na giarála iomarcaí, an ceanglas maidir le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE, i gcás inarb infheidhme, an ceanglas maidir le caipiteal Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 104a den Treoir sin, i gcás inarb infheidhme, agus an ceanglas cistí dílse breise a leagtar síos in Airteagal 104a den Treoir sin, i gcás inarb infheidhme;

(iii) an ceanglas maoláin chomhcheangailte dá dtagraítear in Airteagal 128, pointe (6), de Threoir 2013/36/AE;

(iv) an ceanglas cóimheasa luamhánaithe a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus i gcás inarb infheidhme aon choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 429a(7) den Rialachán sin;

(v) chun aghaidh a thabhairt ar riosca na giarála iomarcaí, an ceanglas maidir le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE, i gcás inarb infheidhme, agus an ceanglas maidir le caipiteal Leibhéal 1 breise dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE, i gcás inarb infheidhme;

(vi) an ceanglas maidir le maolán cóimheasa luamhánaithe G- SII Leibhéal 1 a leagtar síos in Airteagal 92(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás inarb infheidhme;

(vii) an ceanglas priacalbhunaithe le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 92a(1), pointe (a), nó Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás inarb infheidhme, agus an ceanglas nach bhfuil priacalbhunaithe le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 92a(1), pointe (b), nó Airteagal 92b den Rialachán sin, i gcás inarb infheidhme;

(viii) an t- íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE mar a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagail 45e agus 45f den Treoir sin, de réir mar is infheidhme, agus arna ríomh mar an méid cistí dílse agus dliteanais incháilithe, agus arna shloinneadh mar chéatadáin de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal na hinstitiúide, arna ríomh i gcomhréir le

hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus méid na gcistí dílse agus dliteanas incháilithe arna sloinneadh mar chéatadáin de bheart an eintitis ábhartha maidir leis an risíocht iomlán, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(e) faisnéis reatha agus réamhbhreathnaitheach maidir le leibhéal agus comhdhéanamh na gcistí dílse agus leibhéal agus comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe arna sealbhú chun comhlíontacht a áirithiú, faoi seach, leis na ceanglais dá dtagraítear i bpointí (d)(i) go (d)(viii) roimh agus tar éis aon cheann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a dhéanamh;

(f) measúnú achomhair na hinstitiúide ar thionchar na gníomhaíochta atá beartaithe ag an institiúid a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus aon ghníomhaíocht den sórt sin a bheartaíonn an institiúid a dhéanamh anuas air sin laistigh de thréimhse 3 bliana, maidir le comhlíontacht leis na ceanglais dá dtagraítear i mír 1, pointí (d)(i) go (d)(viii);

(g) i gcás ina bhféachann an institiúid le hionstraimí cistí dílse nó na cuntais scairbhisigh ghaolmhara a ionadú de bhun Airteagal 78(1), pointe (a), nó Airteagal 78(4), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013:

  (i) faisnéis maidir lena mbeidh fágtha de théarma na n- ionstraimí cistí dílse arna n- ionadú, más ann dóibh, agus aibíocht na n- ionstraimí cistí dílse a bheidh á n- ionadú;

  (ii) an chéim tosaíochta in ordlathas dócmhainneachta na n- ionstraimí cistí dílse arna n- ionadú agus na n- ionstraimí cistí dílse a bheidh á n- ionadú;

  (iii) costas na n- ionstraimí cistí dílse a bheidh ag ionadú na n- ionstraimí nó na gcuntas scairbhiseach dá dtagraítear in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

  (iv) uainiú beartaithe eisiúint na n- ionstraimí cistí dílse a bheidh ag ionadú na n- ionstraimí nó na gcuntas scairbhisigh dá dtagraítear in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

  (v) an tionchar ar chumas tuillimh na hinstitiúide de bhun Airteagal 78(1), pointe (a), nó Airteagal 78(4), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(h) meastóireacht ar na priacail dá bhfuil an institiúid neamhchosanta nó dá bhféadfadh sí a bheith neamhchosanta agus cé acu a áirithíonn an leibhéal cistí dílse agus dliteanais incháilithe cumhdach iomchuí i leith priacail den sórt sin, lena n- áirítear torthaí tástálacha struis ar phríomhphriacail lena léirítear caillteanais a d'fhéadfadh tarlú;

(i) cumhdach i dtéarmaí cistí dílse na treoraíochta is infheidhme maidir le leibhéal agus comhdhéanamh beartaithe na gcistí dílse breise arna gcur in iúl ag an

údarás inniúil faoi Airteagal 104b(3) de Threoir 2013/36/AE roimh aon cheann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a dhéanamh agus tar éis iad a dhéanamh, lena gcumhdaítear tréimhse 3 bliana;

(j) aon fhaisnéis eile a mheasann an t- údarás inniúil is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar chomh hiomchuí is atá sé cead a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 78 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Chun críocha phointe (e), cumhdófar leis an bhfaisnéis tréimhse 3 bliana ar a laghad agus, i ndáil le dliteanais, áireofar leis sonraíochtaí na méideanna seo a leanas, de réir mar is infheidhme:

(a) dliteanais a cháilíonn mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(b) dliteanais arna gceadú ag an údarás réitigh chun cáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b, míreanna 3 nó 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) dliteanais atá áirithe i méid cistí dílse agus dliteanas incháilithe na n- eintiteas réitigh de bhun Airteagal 45b(1) de Threoir 2014/59/AE;

(d) dliteanais a eascraíonn as ionstraimí fiachais le díorthaigh leabaithe atá áirithe sa mhéid cistí dílse agus dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 45(b), pointe (2), de Threoir 2014/59/AE;

(e) dliteanais arna n- eisiúint ag fochuideachta a cháilíonn le cur san áireamh in ionstraimí dliteanas incháilithe comhdhlúite institiúide de bhun Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 de bhun Airteagal 88a den Rialachán sin nó d'eintiteas réitigh de bhun Airteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE;

(f) ionstraimí dliteanas incháilithe arna gcur san áireamh chun an ceanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh institiúidí a chomhlíonadh ar fochuideachtaí ábhartha d'institiúidí domhanda iad a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus nach institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh iad de bhun Airteagal 92b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus chun an t- íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe, le haghaidh eintitis nach eintitis réitigh iad féin, a chomhlíonadh de bhun Airteagal 45f(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE.

2. Tarscaoilfidh an t- údarás inniúil tíolacadh roinnt den fhaisnéis atá liostaithe i mír 1 i gcás ina bhfuil sé sásta go bhfuil an fhaisnéis sin aige cheana féin.

3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 ar leibhéil aonair, chomhdhlúite agus fho- chomhdhlúite de chur i bhfeidhm na gceanglas, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 30a*

**Faisnéis bhreise a bheidh le cur isteach in éineacht le hiarratas ar réamhchead ginearálta le haghaidh gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. I gcás ina lorgaítear réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le haghaidh gníomhaíochta faoi Airteagal 77(1), pointe (a), den Rialachán sin, sonrófar san iarratas méid gach eisiúna ábhartha de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá faoi réir an iarratais sin.

2. I gcás ina lorgaítear réamhchead ginearálta le haghaidh gníomhaíochta faoi Airteagal 77(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sonróidh an institiúid iad seo a leanas uile san iarratas:

   (a) méid gach eisiúna ábhartha gan íoc atá faoi réir na hiarrata;

   (b) suim ghlanluacha iomlán na n- ionstraimí gan íoc ar gach leibhéal caipitil ábhartha.

3. D'fhéadfaí a áireamh le hiarratas ar réamhchead ginearálta le haghaidh gníomhaíochta faoi Airteagal 77(1), pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE) 575/2013 ionstraimí cistí dílse atá fós le heisiúint, faoi réir na faisnéise dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b) a shonrú, de réir mar is infheidhme, a bheidh le soláthar don údarás inniúil tar éis na heisiúna ábhartha.

4. Beidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 ar leibhéil chomhdhlúite, fho- chomhdhlúite agus aonair de chur i bhfeidhm na gceanglas stuamachta, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 30b*

**An fhaisnéis a bheidh le cur isteach in éineacht le hiarratas ar athnuachan réamhcheada ginearálta le haghaidh gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE)Uimh. 575/2013**

1. Sula dtéann réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 in éag, féadfaidh institiúid iarratas a chur isteach lena athnuachan ar feadh tréimhse suas le 1 bhliain bhreise gach uair, ar choinníoll nach n- iarrann an institiúid méadú ar an méid réamhchinntithe arna shocrú nuair a deonaíodh an réamhchead ginearálta agus nach n- athraítear an réasúnaíocht dá dtagraítear in Airteagal 30(1), pointe (a), tráth ar iarradh an réamhchead ginearálta bunaidh.

2. Le linn di iarratas a dhéanamh ar an réamhchead ginearálta dá dtagraítear i mír 1, beidh an institiúid díolmhaithe ón oibleagáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 30(1), pointí (a) go (d), (f), (g) agus (i) a sholáthar.

*Airteagal 31*

**Uainiú an iarratais a bheidh le cur isteach ag an institiúid agus próiseáil an iarratais ag an údarás inniúil chun críocha Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Maidir le réamhchead, seachas réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tarchuirfidh an institiúid iarratas iomlán agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 30 chuig an údarás inniúil 4 mhí ar a laghad roimh an dáta ar a bhfógrófar ceann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 do shealbhóirí na n- ionstraimí.

2. Maidir le réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tarchuirfidh an institiúid iarratas iomlán agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 30 agus Airteagal 30a chuig an údarás inniúil 4 mhí ar a laghad roimh an dáta ar a ndéanfar aon cheann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. De mhaolú ar mhír 2, i gcás ina lorgaítear athnuachan ar réamhchead ginearálta de bhun Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 30b, tarchuirfidh an institiúid an t- iarratas agus an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 30, Airteagal 30a agus Airteagal 30b chuig an údarás inniúil 3 mhí ar a laghad roimh don tréimhse dár deonaíodh an réamhchead ginearálta bunaidh dul in éag.

4. Féadfaidh údaráis inniúla ligean d'institiúidí ar bhonn cás ar chás agus faoi imthosca eisceachtúla an t- iarratas dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a tharchur laistigh de thráthchlár níos giorra ná na tréimhsí a leagtar amach sna míreanna sin.

5. Próiseálfaidh an t- údarás inniúil iarratas le linn na tréimhse ama dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 nó le linn na tréimhse ama dá dtagraítear i mír 4. Cuirfidh údaráis inniúla faisnéis nua a fuarthas le linn na tréimhse sin san áireamh, i gcás ina bhfuil faisnéis nua den sórt sin ar fáil agus i gcás ina measann siad go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha. Ní phróiseálfaidh na húdaráis inniúla an t- iarratas ach amháin nuair a bheidh siad sásta gur sholáthair an institiúid dóibh an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoi Airteagal 30 agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 30a agus Airteagal 30b.

*Airteagal 32*

**Iarratais ar fhuascailtí, laghduithe agus athcheannacháin ag cumainn fhrithpháirteacha, comharchumainn, institiúidí coigiltis nó institiúidí comhchosúla chun críocha Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. I ndáil le fuascailt ionstraimí Ghnáthchothromais Leibhéal 1 cumann frithpháirteach, comharchumann, institiúidí coigiltis nó institiúidí comhchosúla, cuirfear an t- iarratas dá dtagraítear in Airteagal 29, míreanna 1 agus 2, agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 30(1) isteach chuig an údarás inniúil leis an minicíocht chéanna leis sin a úsáidfidh údarás inniúil na hinstitiúide chun scrúdú a dhéanamh ar fhuascailtí.

2. Féadfaidh údaráis inniúla a gcead a thabhairt roimh ré do ghníomh atá liostaithe in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le haghaidh méid áirithe réamhchinntithe a bheidh le fuascailt, glan ar mhéid na liostála d'ionstraimí nua Ghnáthchothromais Leibhéal 1 a bheidh íoctha le linn tréimhse suas le 1 bhliain amháin. D'fhéadfadh an méid réamhchinntithe sin dul suas go dtí 2 % den chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1, má bhíonn siad sásta nach gcruthóidh an ghníomhaíocht sin contúirt do chás sócmhainneachta reatha na hinstitiúide nó dá cás sócmhainneachta amach anseo.

## FOROINN 2
## CEAD CHUN IONSTRAIMÍ DLITEANAS INCHÁILITHE A LAGHDÚ

*Airteagal 32 a*

**An bhrí atá le hinbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide chun críocha Airteagal 78a(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

Ciallóidh inbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide faoi Airteagal 78a(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go leanann brabúsacht na hinstitiúide, arna measúnú ag an údarás réitigh, de bheith fónta nó nach bhfeictear aon athrú diúltach ar na hionstraimí dliteanas incháilithe le cistí dílse nó le hionstraimí dliteanas incháilithe atá ar an gcáilíocht chéanna nó ar cháilíocht níos airde, ar an dáta sin agus go ceann i bhfad. Cuirfear cumas tuillimh na hinstitiúide i gcásanna struis san áireamh i measúnú an údaráis réitigh.

*Airteagal 32b*

**Ceanglais an phróisis, lena n- áirítear na teorainneacha agus na nósanna imeachta le haghaidh iarratas a dhéanann institiúid chun ionstraimí dliteanas incháilithe a laghdú de bhun Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Ní fhógrófar ceannach, fuascailt, aisíoc agus athcheannach ionstraimí cistí dílse do shealbhóirí na n- ionstraimí sin sula bhfaighidh an institiúid réamhchead ón údarás réitigh.

2. I gcás ina bhfuil coinne leis go dtarlóidh na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le cinnteacht leordhóthanach, agus a luaithe is a bheidh réamhchead faighte ón údarás réitigh, asbhainfidh an institiúid na méideanna a bheidh le ceannach, le fuascailt, le haisíoc nó le hathcheannach ó ionstraimí dliteanas incháilithe na hinstitiúide sula dtarlaíonn an ceannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach féin. Measfar gurb ann do chinnteacht leordhóthanach go háirithe i gcás inar fhógair an institiúid go poiblí go bhfuil sé mar rún aici ionstraim dliteanas incháilithe a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach.

3. I gcás réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfar an méid réamhchinntithe dá bhfuil cead tugtha ag an údarás réitigh a asbhaint ó ionstraimí dliteanas incháilithe na hinstitiúide ón bpointe a dheonaítear an t- údarú.

4. Deonóidh an t- údarás réitigh réamhchead, seachas an réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, go ceann tréimhse sonraithe, a bhfuil gá leis chun aon cheann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(2) den Rialachán sin a dhéanamh, nach mbeidh níos mó ná 1 bhliain amháin.

5. I gcás ina lorgaítear réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní rachaidh an méid réamhchinntithe dá ndeonaítear an réamhchead ginearálta thar 10 % de mhéid iomlán na n- ionstraimí dliteanas incháilithe gan íoc.

6. Beidh feidhm ag míreanna 1 go dtí 5 ar leibhéil chomhdhlúite, fho- chomhdhlúite agus aonair de chur i bhfeidhm na gceanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 32c*

**Iarratas arna thíolacadh ag an institiúid chun ionstraimí dliteanas incháilithe a laghdú de bhun Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Cuirfidh institiúid iarratas ar réamhchead isteach, lena n- áirítear an réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, chuig an údarás réitigh sula ndéanfaidh sí gníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 77(2) den Rialachán sin.

2. Beidh feidhm ag mír 1 ar leibhéil aonair, chomhdhlúite agus fho- chomhdhlúite de chur i bhfeidhm na gceanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 32d*

**Ábhar an iarratais a bheidh le cur isteach ag an institiúid chun críocha Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Beidh na nithe uile seo a leanas ag gabháil leis an iarratas dá dtagraítear in Airteagal 32c:

   (a) míniú a bhfuil bunús maith leis ar an réasúnaíocht atá le haon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a dhéanamh;

   (b) faisnéis faoi cé acu atá an cead a lorgaítear bunaithe ar Airteagal 78a(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) nó (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó ar Airteagal 78a(1), an dara fomhír, den Rialachán sin;

   (c) faisnéis reatha agus réamhbhreathnaitheach a chumhdóidh tréimhse 3 bliana ar a laghad maidir leis na ceanglais seo a leanas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe:

      (i) an ceanglas priacalbhunaithe le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 92a(1), pointe (a), nó Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás inarb infheidhme, agus an

ceanglas nach bhfuil priacalbhunaithe le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 92a(1), pointe (b), nó Airteagal 92b den Rialachán sin;

(ii) an t- íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 45e agus Airteagal 45f den Treoir sin, de réir mar is infheidhme, mar an méid cistí dílse agus dliteanais incháilithe, agus arna shloinneadh mar chéatadáin de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal an eintitis ábhartha, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus méid na gcistí dílse agus dliteanas incháilithe arna sloinneadh mar chéatadáin de bheart an eintitis ábhartha maidir leis an neamhchosaint iomlán, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(iii) an ceanglas maoláin chomhcheangailte dá dtagraítear in Airteagal 128, pointe (6), de Threoir 2013/36/AE;

(d) faisnéis reatha agus réamhbhreathnaitheach maidir le leibhéal agus comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe arna sealbhú chun comhlíontacht a áirithiú, faoi seach, leis na ceanglais dá dtagraítear i mír 1, pointe (c)(i), pointe (c)(ii) agus pointe (c)(iii) roimh an ghníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a dhéanamh agus ina dhiaidh sin. Cumhdófar tréimhse 3 bliana ar a laghad san fhaisnéis agus áireofar inti, i ndáil le dliteanais incháilithe, sonraíochtaí maidir leis na méideanna seo a leanas, de réir mar is infheidhme:

(i) dliteanais a cháilíonn mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(ii) dliteanais arna gceadú ag an údarás réitigh chun cáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b, míreanna 3 nó 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(iii) dliteanais atá áirithe i méid cistí dílse agus dliteanas incháilithe na n- eintiteas réitigh de bhun Airteagal 45b(1) de Threoir 2014/59/AE;

(iv) dliteanais a eascraíonn as ionstraimí fiachais le díorthaigh leabaithe atá áirithe sa mhéid cistí dílse agus dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 45b(2) de Threoir 2014/59/AE;

(v) dliteanais arna n- eisiúint ag fochuideachta a cháilíonn le cur san áireamh in ionstraimí dliteanas incháilithe comhdhlúite institiúide de bhun Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 de bhun Airteagal 88a den Rialachán sin nó d'eintiteas réitigh de bhun Airteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE;

(vi) ionstraimí dliteanas incháilithe arna gcur san áireamh chun an ceanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh institiúidí a chomhlíonadh ar fochuideachtaí ábhartha d'institiúidí domhanda iad a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus nach institiúid de chuid an Aontais

Eorpaigh iad de bhun Airteagal 92b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus chun an t- íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe, le haghaidh eintitis nach eintitis réitigh iad féin, a chomhlíonadh de bhun Airteagal 45f(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE;

(e) measúnú achomhair na hinstitiúide ar thionchar na gníomhaíochta atá beartaithe ag an institiúid a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus aon ghníomhaíocht den sórt sin a bheartaíonn an institiúid a dhéanamh anuas air sin laistigh de thréimhse 3 bliana, maidir le comhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear i mír 1, pointe (c)(i), pointe (c)(ii) agus pointe (c)(iii);

(f) i gcás ina bhféachann an institiúid le hionstraimí dliteanas incháilithe a ionadú de bhun Airteagal 78a(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013:

(i) faisnéis maidir lena mbeidh fágtha de théarma na n- ionstraimí dliteanas incháilithe arna n- ionadú, agus aibíocht na n- ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe a bheidh á n-ionadú;

(i) an chéim tosaíochta i ndócmhainneacht na n- ionstraimí dliteanas incháilithe arna n- ionadú agus na gcistí dílse nó na n- ionstraimí dliteanas incháilithe a bheidh á n-ionadú;

(iii) costas na gcistí dílse nó na n- ionstraimí dliteanas incháilithe a bheidh ag ionadú na n- ionstraimí dliteanas incháilithe;

(iv) uainiú beartaithe eisiúint na gcistí dílse nó na n- ionstraimí dliteanas incháilithe a bheidh ag ionadú na n- ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(v) an tionchar ar chumas tuillimh na hinstitiúide de bhun Airteagal 78a(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(g) meastóireacht ar na priacail dá bhfuil an institiúid neamhchosanta nó dá bhféadfadh sí a bheith neamhchosanta, go háirithe cé acu a áirithíonn an leibhéal cistí dílse agus dliteanais incháilithe cumhdach iomchuí i leith priacail den sórt sin, lena n- áirítear torthaí tástálacha struis ar phríomhphriacail lena léirítear caillteanais a d'fhéadfadh tarlú;

(h) i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 78a(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a thaispeáint go bhfuil gá le hionadú páirteach nó ionadú iomlán na n- ionstraimí dliteanas incháilithe le hionstraimí cistí dílse chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais cistí dílse;

(i) aon fhaisnéis eile a mheasann an t- údarás réitigh is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar chomh hiomchuí is atá sé cead a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

2. Tarscaoilfidh an t- údarás réitigh tíolacadh roinnt den fhaisnéis atá liostaithe i mír 1 i gcás ina bhfuil sé sásta go bhfuil an fhaisnéis sin aige cheana féin.

3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 ar leibhéil aonair, chomhdhlúite agus fho- chomhdhlúite de chur i bhfeidhm na gceanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 32e*

**Faisnéis bhreise a bheidh le cur isteach in éineacht leis an iarratas ar réamhchead ginearálta le haghaidh gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. I gcás ina lorgaítear réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le haghaidh gníomhaíochta faoi Airteagal 77(2) den Rialachán sin, sonróidh an institiúid san iarratas líon iomlán d'ionstraimí dliteanas incháilithe gan íoc, lena n- áirítear an méid iomlán d'ionstraimí dliteanas incháilithe gan íoc a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 88a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Airteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE.

2. D'fhéadfaí a áireamh le hiarratas ar réamhchead ginearálta le haghaidh gníomhaíochta faoi Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ionstraimí dliteanas incháilithe atá fós le heisiúint, faoi réir shonrú an mhéid iomláin dá dtagraítear i mír 1, a bheidh le soláthar don údarás réitigh tar éis na heisiúna lena mbaineann.

*Airteagal 32f*

**An fhaisnéis a bheidh le cur isteach in éineacht le hiarratas ar athnuachan réamhcheada ginearálta le haghaidh gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE)Uimh. 575/2013**

1. Sula dtéann an réamhchead ginearálta arna dheonú de bhun Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 in éag, féadfaidh institiúid iarratas a chur isteach lena athnuachan ar feadh tréimhse suas le 1 bhliain bhreise gach uair, ar choinníoll nach n- iarrann an institiúid méadú ar an méid réamhchinntithe arna shocrú nuair a deonaíodh an réamhchead ginearálta bunaidh agus nach n- athraítear an réasúnaíocht dá dtagraítear in Airteagal 32d(1), pointe (a) leis, tráth ar iarradh an réamhchead ginearálta bunaidh.

2. Le linn di iarratas a dhéanamh ar athnuachan an réamhcheada ghinearálta dá dtagraítear i mír 1, beidh an institiúid díolmhaithe ón oibleagáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 32d(1), pointí (a), (b), (c), (e), (f), agus (h) a sholáthar.

*Airteagal 32g*

**Uainiú an iarratais a bheidh le cur isteach ag an institiúid agus próiseáil an iarratais ag an údarás réitigh chun críocha Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Maidir le réamhchead, seachas an réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tarchuirfidh an institiúid iarratas iomlán agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 32d chuig an údarás réitigh 4 mhí ar a laghad roimh an dáta ar a bhfógrófar ceann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 do shealbhóirí na n- ionstraimí.

2. Maidir leis an réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tarchuirfidh an institiúid iarratas iomlán agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 32d agus Airteagal 32e chuig an údarás réitigh 4 mhí ar a laghad roimh an dáta ar a ndéanfar ceann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. De mhaolú ar mhír 2, i gcás ina lorgaítear athnuachan ar an réamhchead ginearálta de bhun Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 32f, tarchuirfidh an institiúid iarratas iomlán agus an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 32d, Airteagal 32e agus Airteagal 32f chuig an údarás réitigh 3 mhí ar a laghad roimh don tréimhse dár deonaíodh an réamhchead ginearálta bunaidh dul in éag.

4. Féadfaidh údaráis réitigh ligean d'institiúidí ar bhonn cás ar chás agus faoi imthosca eisceachtúla an t- iarratas dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a tharchur laistigh de thráthchlár níos giorra ná na tréimhsí a leagtar amach sna míreanna sin.

5. Próiseálfaidh an t- údarás réitigh iarratas le linn na tréimhse ama dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 nó le linn na tréimhse ama dá dtagraítear i mír 4. Cuirfidh údaráis réitigh faisnéis nua a fuarthas le linn na tréimhse sin san áireamh, i gcás ina bhfuil faisnéis nua den sórt sin ar fáil agus i gcás ina measann siad go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha. Ní phróiseálfaidh na húdaráis réitigh an t- iarratas ach amháin nuair a bheidh siad sásta gur sholáthair an institiúid dóibh an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoi Airteagal 32d agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 32e agus Airteagal 32f.

*Airteagal 32h*

**Ceanglais shimplithe d'institiúidí dár shocraigh an t- údarás réitigh an t- íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE ar leibhéal nach mó é ná méid leordhóthanach chun caillteanais a sheasamh**

1. De mhaolú ar Airteagal 32d, Airteagal 32e agus Airteagal 32f, i gcás ina gcuireann institiúid isteach an t- iarratas dá dtagraítear in Airteagal 32c, institiúid dar shocraigh an t- údarás réitigh an t- íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE ar leibhéal nach mó é ná méid leordhóthanach chun caillteanais a sheasamh i gcomhréir le hAirteagal 45c(2), an chéad fhomhír, pointe (a), den Treoir sin, beidh na nithe uile seo a leanas ag gabháil leis an iarratas sin:

(a) míniú a bhfuil bunús maith leis ar an réasúnaíocht atá le haon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a dhéanamh;

(b) faisnéis faoi cé acu atá an cead a lorgaítear bunaithe ar Airteagal 78a(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) nó (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó ar Airteagal 78a(1), an dara fomhír, den Rialachán sin.

2. Réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna dheonú tar éis iarratais arna dhéanamh i gcomhréir le mír 1, ní bheidh sé faoi réir an tsrianta a leagtar amach in Airteagal 32b(5) den Rialachán sin.

3. De mhaolú ar Airteagal 32g, cuirfidh na hinstitiúidí dá dtagraítear i mír 1 an t- iarratas dá dtagraítear in Airteagal 32c isteach chuig an údarás réitigh 3 mhí ar a laghad roimh an dáta ar a bhfógrófar ceann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 do shealbhóirí na n- ionstraimí nó, i gcás iarratas ar réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, den Rialachán sin, 3 mhí ar a laghad roimh an dáta ar a bhfógrófar ceann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

4. I gcás nach gcuireann an t- údarás réitigh i gcoinne an iarratais dá dtagraítear in Airteagal 32c i scríbhinn laistigh de na tréimhsí a shonraítear i mír 3, measfar go mbeidh an cead deonaithe.

5. Beidh feidhm ag an airteagal sin ar leibhéil aonair, chomhdhlúite agus fho- chomhdhlúite de chur i bhfeidhm na gceanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 32i*

**An próiseas don chomhar idir an t- údarás inniúil agus an t- údarás réitigh nuair a dheonaítear an cead dá dtagraítear in Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. I gcás ina gcuireann institiúid iarratas iomlán isteach ar réamhchead, lena n- áirítear an réamhchead ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 78a(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tarchuirfidh an t- údarás réitigh go pras an t- iarratas sin chuig an údarás inniúil, lena n- áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 32d agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 32e, Airteagal 32f nó Airteagal 32h.

2. An tráth céanna a tharchuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an t- údarás réitigh iarraidh ar chomhairliúchán chuig an údarás inniúil maidir leis an iarratas a fuarthas, ina n- áireofar malartú cómhalartach aon fhaisnéis ábhartha eile don mheasúnú a dhéanfaidh an t- údarás réitigh nó an t- údarás inniúil ar an iarratas.

3. Comhaontóidh an t- údarás inniúil agus an t- údarás réitigh teorainn ama leordhóthanach chun freagairt a sholáthar ar an gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2, nach rachaidh thar 3 mhí ón bpointe a gheofar an iarraidh ar chomhairliúchán agus laghdófar é sin go dtí 2 mhí i gcás ina mbaineann an comhairliúchán le

hathnuachan a dhéanamh ar réamhchead ginearálta de bhun Airteagal 32f nó ar réamhchead ginearálta de bhun Airteagal 32h. Déanfaidh an t- údarás réitigh a mhachnamh ar na tuairimí a gheofar ón údarás inniúil sula nglacfaidh sé cinneadh maidir leis an gcead.

4. I gcás ina gceanglaítear comhaontú an údaráis inniúil i gcomhréir le hAirteagal 78a(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirfidh an t- údarás réitigh in iúl don údarás inniúil, laistigh de 2 mhí ón iarraidh ar chomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2, nó laistigh de 1 mhí amháin i gcás ina mbaineann an comhairliúchán le hathnuachan a dhéanamh ar réamhchead ginearálta de bhun Airteagal 32f nó ar réamhchead ginearálta de bhun Airteagal 32h, an corrlach beartaithe faoina measann an t- údarás réitigh, tar éis na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 77(2) den Rialachán sin, nach mór do chistí dílse agus do dhliteanais incháilithe na hinstitiúide a bheith níos mó ná a ceanglais.

5. Laistigh de 3 seachtaine nó, i gcás ina mbaineann an comhairliúchán le hathnuachan ar réamhchead ginearálta de bhun Airteagal 32f nó ar réamhchead ginearálta de bhun Airteagal 32h, laistigh de 2 sheachtain, tar éis na cumarsáide dá dtagraítear i mír 4 a fháil, tarchuirfidh an t- údarás inniúil a chomhaontú i scríbhinn chuig an údarás réitigh. I gcás ina n- easaontaíonn an t- údarás inniúil nó ina n- easaontaíonn sé i bpáirt leis an údarás réitigh, cuirfidh sé an t- údarás réitigh ar an eolas laistigh den tréimhse sin, agus luafaidh sé na cúiseanna atá aige leis sin.

6. De mhaolú ar mhír 3, i gcás ina gceanglaítear comhaontú an údaráis inniúil i gcomhréir le hAirteagal 78a(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, soláthróidh an t- údarás inniúil freagairt ar an gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2 an tráth céanna a tharchuirfear a chomhaontú i scríbhinn chuig an údarás réitigh dá dtagraítear i mír 5.

7. De mhaolú ar mhíreanna 3 go 6, i gcás ina bhfuil an uastréimhse ama chun an t- iarratas dá dtagraítear i mír 1 a phróiseáil níos giorra ná 4 mhí i gcomhréir le hAirteagal 32g, míreanna 3 nó 4, comhaontófar na tréimhsí ama dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5 idir an t- údarás réitigh agus an t- údarás inniúil ag cur na huastréimhse ama ábhartha san áireamh.

8. Féachfaidh an t- údarás réitigh agus an t- údarás inniúil le teacht ar an gcomhaontú dá dtagraítear i mír 5 chun a áirithiú go bpróiseáiltear an t- iarratas dá dtagraítear i mír 1 in aon chás laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear in Airteagal 32g, míreanna 1, 2, 3 nó 4.

9. Cuirfidh an t- údarás réitigh an cinneadh a glacadh maidir leis an gcead in iúl don údarás inniúil gan moill mhíchuí. Cuirfidh an t- údarás réitigh in iúl freisin don údarás inniúil sa chás go dtarraingeofar siar an réamhchead ginearálta i gcás ina sáraíonn institiúid aon cheann de na critéir dá bhforáiltear chun críocha an cheada sin.

(15) i gCaibidil IV, leasaítear Roinn 3 mar a leanas:

(a) cuirtear é seo a leanas in ionad theideal Roinn 3:

## 'ROINN 3

### TARSCAOILEADH SEALADACH Ó ASBHAINT AS CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 33:

*'Airteagal 33*

**Tarscaoileadh sealadach ó asbhaint as cistí dílse agus ó dhliteanais incháilithe chun críocha Airteagal 79(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013';**

(c) in Airteagal 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Ní bheidh feidhm ag an tarscaoileadh ach amháin i ndáil le sealúchais nua d'ionstraimí cistí dílse in eintiteas earnála airgeadais nó ionstraimí dliteanas incháilithe in institiúid atá faoi réir na hoibríochta um chúnamh airgeadais.

3. Chun tarscaoileadh sealadach a sholáthar ó asbhaint as cistí dílse agus dliteanais incháilithe, de réir mar is infheidhme, féadfaidh údarás inniúil a mheas go bhfuil na sealúchais dá dtagraítear in Airteagal 79(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á sealbhú chun oibríocht um chúnamh airgeadais arna ceapadh chun eintiteas earnála airgeadais nó institiúid a atheagrú agus a thabhairt slán i gcás ina ndéantar an oibríocht faoi phlean agus ina bhformheasann an t- údarás inniúil é, agus i gcás ina luaitear céimeanna, uainiú agus cuspóirí go soiléir sa phlean agus ina sonraítear ann an t- idirghníomhú a tharlóidh idir na sealúchais agus an oibríocht um chúnamh airgeadais.'.

*Airteagal 2*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11.10.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*